2026/2247

13.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2247 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Deireadh Fómhair 2026

lena ndéantar an formheas ar an tsubstaint ghníomhach cis-tríchios-9-éin a athnuachan lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 19 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(4), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuireadh cis-tríchios-9-éin lena scaoiltear foisfíd alúmanaim le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 19 (éarthaigh agus mealltóirí). Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 86 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, meastar an tsubstaint a bheith formheasta faoin Rialachán sin faoi réir na gceanglas a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE. Bhí an formheas sin le dul in éag an 30 Meán Fómhair 2024. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1283 ón gCoimisiún, cuireadh an dáta éaga sin ar atráth go dtí an 31 Márta 2027 ([3]).

(2) An 6 Aibreán 2023 cuireadh isteach iarratas i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 chun athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le cis-tríchios-9-éin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 19 ('an t-iarratas'). Is é údarás inniúil na hOstaire ('an t-údarás inniúil meastóireachta') a rinne meastóireacht ar an iarratas.

(3) An 20 Márta 2025 chuir an t-údarás inniúil meastóireachta moladh faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') i ndáil le hathnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le cis-tríchios-9-éin.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 75(1), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ullmhaíonn an Coiste um Tháirgí Bithicídeacha an tuairim ón nGníomhaireacht maidir leis na hiarratais ar athnuachan a dhéanamh ar fhormheas substaintí gníomhacha. An 27 Samhain 2025 ghlac an Coiste um Tháirgí Bithicídeacha an tuairim ón nGníomhaireacht ([4]), ag féachaint dó do chonclúidí an údaráis inniúil meastóireachta.

(5) Sa tuairim uaithi, ba é conclúid na Gníomhaireachta go bhféadfaí coinne a bheith leis go ndéanfaidh táirgí bithicídeacha de chineál táirge 19 ina bhfuil cis-tríchios-9-éin na critéir a leagtar síos in Airteagal 19(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 a chomhlíonadh go fóill, ar choinníoll go gcomhlíonfar coinníollacha áirithe a bhaineann lena n-úsáid. Dá bhrí sin, meastar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 12(1), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4(1), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 a bheith comhlíonta.

(6) Dá bhrí sin, is iomchuí an formheas ar cis-tríchios-9-éin lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 19 a athnuachan faoi réir coinníollacha áirithe a chomhlíonadh.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.
([2]) Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh (IO L 123, 24.4.1998, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/8/oj).
([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1283 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2024 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le cis-tríchios-9-éin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 19 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/1283, 15.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1283/oj).
([4]) Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha ar an iarratas maidir le formheas na substainte gníomhaí a athnuachan: cis-tríchios-9-éin (muscalúr), Cineál táirge: 19, ECHA/BPC/509/2025, arna glacadh an 27 Samhain 2025.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar formheas na substainte gníomhaí cis-tríchios-9-éin mar shubstaint ghníomhach a athnuachan lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 19, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Gnáthainm	Ainm IUPAC Uimhreacha Aitheantais	Íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí [1]	Dáta éaga an fhormheasa	An cineál táirge	Coinníollacha sonracha
Muscalúr	cis-tríchios-9-éin Uimh. CE: 248-505-7 Uimh. CAS: 27519-02-4	80,1 % meáchan/meáchan	30 Meitheamh 2041	19	Agus measúnú á dhéanamh ar an táirge i gcomhthéacs an nós imeachta maidir le húdarú táirgí bithicídeacha ina bhfuil cis-tríchios-9-éin mar shubstaint ghníomhach, tabharfaidh údaráis inniúla na mBallstát, nó i gcás údarú Aontais, an Coimisiún aird ar leith ar na nochtaí, ar na rioscaí agus ar an éifeachtúlacht a bhaineann le haon úsáid atá cumhdaithe ag iarratasóir ar údarú, ach nach dtugtar aghaidh uirthi sa mheasúnú riosca ar an tsubstaint ghníomhach ar leibhéal an Aontais.

[1] Ba í an íonacht a léiríodh sa cholún seo íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí a ndearnadh meastóireacht uirthi. Féadfaidh íonacht na substainte gníomhaí sa táirge a chuirtear ar fáil ar an margadh a bheith comhionann nó éagsúil léi, má tá sé cruthaithe go bhfuil sí coibhéiseach go teicniúil leis an tsubstaint ghníomhach a ndearnadh meastóireacht uirthi.